An Coimisiún Toghcháin
The Electoral Commission

# 2023 Tuarascáil Bhliantúil

Meitheamh 2024

# An Clár Ábhar


1. Réamhfhocal ón gCathaoirleach ........ 2

2. Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh ........ 4

3. Comhaltaí an Choimisiúin ........ 6

4. Oibríochtaí Toghcháin agus Oideachas ........ 8

5. Sláine Toghcháin agus Taighde ........ 10

6. Rialachas ........ 12

7. Na Ráitis Airgeadais:
   Dréacht-Chuntas Leithreasa 2023 – Vóta 23 ........ 14

8. Aguisín 1: Táillí, Taisteal agus
   Cothabháil na gComhaltaí Coimisiúin in 2023 ........ 27



Arna fhoilsiú ag an gCoimisiún Toghcháin,
Meitheamh 2024
ISBN - 978-1-911722-04-5

# 1 Réamhfhocal ón gCathaoirleach

**Ceapadh mé mar Chathaoirleach ar an gCoimisiún Toghcháin nuabhunaithe, coimisiún neamhspleách toghcháin na hÉireann, nuair a bunaíodh é i mí Feabhra 2023, agus is sa cháil sin a chuirim Tuarascáil Bhliantúil 2023 i láthair anseo.**

Tá an Coimisiún freagrach as raon leathan feidhmeanna agus cumhachtaí chun tacú leis an daonlathas agus an próiseas toghcháin mar a leagtar amach san *Acht um Athchóiriú Toghcháin 2022*, ina measc:

- na seirbhísí cinnteoireachta, maoirseachta, rúnaíochta agus tacaíochta a bhaineann le hábhar na dtograí reifrinn a mhíniú, cur chun cinn fheasacht an phobail ar reifrinn agus spreagadh na dtoghthóirí chun vóta a chaitheamh ar reifrinn;
- tabhairt faoi athbhreithnithe agus tuarascálacha a chur i dtoll a chéile faoi thoghcheantair le haghaidh comhaltaí a thoghadh don Dáil agus comhaltaí a thoghadh do Pharlaimint na hEorpa; agus
- tuarascálacha a chur i dtoll a chéile don Aire maidir le teorainneacha toghcháin áitiúil.

Leagtar cúraimí ar an gCoimisiún freisin i dtaobh róil nua chun tacú leis an bpróiseas toghcháin trí chéile, ina measc:

- cláir taighde a ullmhú agus taighde a dhéanamh ar bheartas agus nós imeachta toghcháin, agus comhairle a thabhairt, de réir mar is gá, don Aire agus don Rialtas;
- feasacht an phobail ar phróisis toghcháin agus dhaonlathacha an Stáit a chur chun cinn, agus oibriú chun rannpháirtíocht an phobail iontu a mhéadú, trí chláir oideachais agus eolais;
- maoirseacht a dhéanamh ar chruthú chlár nuachóirithe na dtoghthóirí, moltaí a dhéanamh agus caighdeáin a shocrú maidir le cothabháil agus nuashonrú; agus
- tuarascálacha ex post a ullmhú ar riar imeachtaí toghcháin.



Leagtar amach feidhmeanna reachtacha áirithe eile i gCuid 4 agus i gCuid 5 den Acht nár cuireadh tús leo fós. Áirítear ina measc siúd:

- freagracht as fógraíocht pholaitiúil ar líne a n-íoctar as a rialú, ag cinntiú trédhearcachta maidir le fógraí polaitiúla ar líne a ceannaíodh le rith i rith tréimhse feachtais toghcháin nó reifrinn;
- freagracht as imscrúdú agus monatóireacht ar bhréagaisnéis ar líne, mífhaisnéis ar líne agus iompraíocht ionramhálach nó bhréagach ar líne i rith tréimhsí feachtais toghcháin agus reifrinn, chomh maith le feidhmeanna chun iompraíocht ionramhálach nó bhréagach ar líne a sheachaint.

Bhí cúpla cuspóir ag an gCoimisiún i mbliain a bhunaithe. Ba é an chéad chúram a leagadh air tabhairt faoi athbhreithniú ar theorainneacha na nDáilcheantar agus thoghlaigh Pharlaimint na hEorpa i bhfianaise an mhéadaithe ar dhaonra an Stáit agus an chreata a leagtar amach san Acht. Cuireadh tuarascáil an athbhreithnithe sin faoi bhráid Thithe an Oireachtais i ndeireadh mhí Lúnasa 2023; leagadh amach inti moltaí an Choimisiúin faoi theorainneacha na nDáilcheantar

a athrú. Foilsíodh tuarascáil faoi thoghlaigh Pharlaimint na hEorpa i mí na Samhna 2023. Ghlac an tOireachtas leis na teorainneacha nua, agus leis an moladh go méadófaí líon na gcomhaltaí Dála, a moladh sna tuarascálacha sin, agus beidh tionchar acu ar an gcaoi a bhfeidhmíonn ár ndaonlathas sna blianta amach romhainn.

Cuireadh tús i dtreo dheireadh 2023 le feachtas faisnéise an Choimisiúin le haghaidh a chéad imeachta toghcháin, na reifrinn faoin Teaghlach agus Cúram a reáchtáladh i mí an Mhárta 2024. Cuirfear tuarascáil a bhaineann le feidhmíocht na feidhme reifreann sin sa Choimisiún faoi bhráid an Chomhchoiste Oireachtais de réir an Achta faoi mhí Mheán Fómhair 2024.

D'fhoilsíomar dréachtchlár taighde freisin agus reáchtálamar comhairliúchán poiblí ina leith idir an 10 Samhain 2023 agus an 12 Eanáir 2024. Le linn an ama sin, spreagadh an pobal agus páirtithe leasmhara eile lena dtuairimí ar an Dréachtchlár Taighde a foilsíodh i mí na Samhna 2023 a roinnt.

D'fhorbair an Coimisiún acmhainneacht agus cumas chun tabhairt faoina chuid feidhmeanna ar fad. Bhí foireann a earcú chun tacú le hobair an Choimisiúin ina chuid dó sin. Bhunaíomar rannpháirtíocht shuntasacha le go leor eagraíochtaí agus líonraí náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhíonn i mbun feidhmeanna dá leithéid freisin.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl do chomhaltaí agus d'fhoireann an Choimisiúin agus do na comhghleacaithe ar fad ar fud na gcoistí éagsúla a bunaíodh as a ndúthracht, a ndíograis agus a dtiomantas in 2023.



**An Breitheamh Marie Baker**
An Cathaoirleach
An Coimisiún Toghcháin

# 2 Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh

**Léiríonn bunú an Choimisiúin Toghcháin, rud a éilíodh le fada, sprioc thábhachtach a baineadh amach i bhforbairt agus feabhsú an daonlathais in Éirinn agus, anuas ar go leor de na feidhmeanna toghcháin reachtúla a bhí ann cheana féin agus feidhmeanna nua a chomhlíonadh, táimid ag súil le cur go láidir leis an gcur agus cúiteamh faoi athchóiriú toghcháin sa tír seo amach anseo.**

**Mar chomhlacht poiblí neamhspleách nua, ba é fócas obair an Choimisiúin Toghcháin i rith a chéad bhliana eagraíocht ardfheidhmíochta a bhunú a bhainfidh spriocanna amach, ag comhlíonadh ár sainordaithe reachtaigh dá bhforáiltear san *Acht um Athchóiriú Toghcháin 2022*. Níor cuireadh tús fós le codanna áirithe den Acht, ach tá obair tosaithe cheana féin ar chuid de na gnéithe sin atá le teacht i bhfeidhm roimh i bhfad.**

D'éirigh linn cúraimí agus gníomhaíochtaí a bhaineann lenár bhfeidhmeanna reachtúla a chur i gcrích in 2023:

- foilsiú na Tuarascála ar Athbhreithniú ar Dháilcheantair agus ar Thoghlaigh Pharlaimint na hEorpa;
- foilsiú an Dréachtchláir Taighde, ina measc pleananna le haghaidh an chéad Staidéar Náisiúnta Toghcháin agus Daonlathais (NEDS), clár taighde fadaimseartha d'imeachtaí toghcháin;
- forbairt cláir maoirseachta ar Chlár na dToghthóirí;

Mar Chláraitheoir na bPáirtithe Polaitíochta, chláraigh mé ceithre pháirtí polaitíochta freisin chun seasamh i dtoghcháin na Dála, toghcháin Pharlaimint na hEorpa agus sna toghcháin áitiúla.

Anuas ar an gclár oibre reachtúla, bhainistíomar dúshláin riaracháin agus lóistíochta a bhaineann le bunú go leor eagraíochtaí nua:



- earcú agus ionduchtú 19 mball foirne nua (ón mbeirt a thosaigh ag an tús);
- oibriú ó cheithre fhoirgneamh ar leith sular bhogamar ar deireadh go cóiríocht nua i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i mí na Nollag;
- bunú córas nua saintógtha le haghaidh rialú airgeadais, TFC, acmhainní daonna, Foghlama agus Forbartha, Rialachais agus Cumarsáide;
- clár ionduchtúcháin le haghaidh chomhaltaí an Choimisiúin Toghcháin;
- forbairt acmhainneachta agus caidrimh trí chomhdhálacha, oiliúint agus rannpháirtíocht i líonraí agus imeachtaí idirnáisiúnta.

Chun go gcomhlíonfar ár gcuspóir, "an daonlathas in Éirinn a chosaint agus a neartú trí thuiscint, rannpháirtíocht agus iontaoibh an phobail sa chóras toghcháin a fhorbairt", teastóidh ardleibhéal tiomantais ónár bhfoireann ar fad inár n-eagraíocht atá ag forbairt. Ach táim muiníneach go n-éireoidh linn comhlacht poiblí neamhspleách ardfheidhmíochta a fhorbairt a bheidh tiomanta do thacú le rannpháirtíocht in imeachtaí toghcháin agus í a fheabhsú, imeachtaí a aithneofar agus a mbeidh meas orthu mar

imeachtaí córa, cothroma agus neamhchlaonta.

Mar eagraíocht bheag ag a bhfuil raon leathan freagrachtaí, bímid ag brath ar ghrúpa mór páirtithe leasmhara chun ár gcuspóirí a bhaint amach. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don tacaíocht agus an chomhairle luachmhar a fuair an Coimisiún ó Roinn an Taoisigh, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, an Roinn Gnóthaí Eachtracha, Coimisiún na Meán, an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála, údaráis áitiúla agus cinn chomhairimh toghcháin agus an líon mór acadóirí, gairmithe eile agus daoine ón bpobal a bhí i dteagmháil linn i rith 2023.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le comhaltaí an Choimisiúin Toghcháin as a bhfoighne, a dtuiscint agus a dtiomantas agus muid ag teacht isteach ar an obair i rith an chéad chúpla mí i ndiaidh ár mbunaithe.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leis an bhFoireann Ardbhainistíochta agus leis an bhfoireann a ghlac go fonnmhar leis na dúshláin iomadúla agus ilchineálacha a bhíonn le sárú ag eagraíocht nuabhunaithe le sprid agus díograis ar dea-chomhartha é don todhchaí. Ba mhór an phribhléid dom an eagraíocht seo a stiúradh ina chéad bhliain.



**Art Ó Laoghaire**
An Príomhfheidhmeannach
An Coimisiún Toghcháin

# 3 Comhaltaí an Choimisiúin



## Beathaisnéisí Chomhaltaí an Choimisiúin

**An Breitheamh Marie Baker: Cathaoirleach an Choimisiúin Toghcháin**
Ceapadh an Breitheamh Baker ina breitheamh sa Chúirt Uachtarach in 2019, agus d'fhóin sí ansin go ndeachaigh sí ar scor i mí Aibreáin 2024. D'ainmnigh an Príomh-Bhreitheamh í mar Chathaoirleach an Choimisiúin Toghcháin. Glaodh chun an Bharra í in 1984 agus chun Barra na Sinsear in 2004.

Chleacht an Breitheamh Baker i gcuarda Chorcaí agus na Mumhan agus is idirghabhálaí creidiúnaithe í. D'fhóin sí roimhe seo mar Choimisinéir páirtaimseartha den Choimisiún um Athchóiriú an Dlí agus bhí sí ina comhalta den ghrúpa comhairleach staidéir ar chomhaontuithe réamhphósta. Ceapadh an Breitheamh Baker ina breitheamh san Ard-Chúirt in 2014, agus bhí sí ina Breitheamh sa Chúirt Achomhairc ó mhí an Mheithimh 2018.

**Alex Attwood**
Bhí Alex Attwood ina ionadaí tofa do thoghlach Iarthar Bhéal Feirste ó 1985–2017 (ar an gComhairle Cathrach ar dtús, agus ansin i dTionól Thuaisceart Éireann) agus bhí sé in Aire Rialtais ó mhí na Bealtaine 2010 go mí Iúil 2013. Bhí sé páirteach in go leor idirbheartaíochta i ndiaidh Chomhaontú Aoine an Chéasta in 1998, ó cheisteanna póilíneachta, ceartais choiriúil, chearta an duine agus oidhreachta go cláir rialtais agus athchóiriú na n-institiúidí stáit. Ó 2017–2019 d'oibrigh sé mar shaineolaí rialachais agus slándála in áiteanna ina raibh coimhlint nó a bhí ag teacht as coimhlint, ina measc an Úcráin agus an Iaráic (Ninivé, Basra agus Anbar), le ceannairí polaitiúla agus cathartha i gceantair a saoradh ó Da'esh go háirithe.

Is comhalta é de Bhord Comhairleach safefood, comhlacht uile-Éireann a thugann aghaidh ar rioscaí bia, tearcrochtain bhia agus murtall, agus de Choimisiún Toghcháin na Ríochta Aontaithe atá freagrach as toghcháin agus rialáil páirtithe polaitíochta, tabhartais ina measc. Déanann sé taighde póilíneachta thar ceann comhalta de Bhord Póilíneachta Thuaisceart Éireann.

**John Curran**
I ndiaidh dó Céim Tráchtála a bhaint amach ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (UCD), bhunaigh agus rith John gnólacht closamhairc i mBaile Átha Cliath ar éirigh go maith leis. Tá John ina Ionadaí Poiblí tofa le cuid mhór den fhiche bliain seo caite. Toghadh ar Chomhairle Contae Áth Cliath Theas é ar dtús in 1999 agus ansin go Dáil Éireann in 2002.

D'fhóin John ar choistí Oireachtais éagsúla, ina measc Cuntais Phoiblí, Oideachas agus bhí sé

ina chathaoirleach ar an gCoiste um Choimirce Shóisialach agus an Coiste um Thithíocht agus Easpa Dídine. D'fhóin John freisin mar Aire Stáit ar a raibh freagracht maidir leis an Straitéis Náisiúnta Drugaí agus Gnóthaí Pobail agus d'fhóin sé freisin mar Phríomh-Aoire an Rialtais. Tá John ina Chathaoirleach faoi láthair ar Archways agus Leas-Chathaoirleach ar Pháirtíocht Chontae Átha Cliath Theas.

### Ger Deering

Cheap an tUachtarán Micheál D. Ó hUigínn Ger Deering mar an tOmbudsman agus an Coimisinéir Faisnéise le haghaidh na hÉireann i mí Eanáir 2022. Ceapadh é mar an Coimisinéir um Nochtadh Cosanta i mí Eanáir 2023. Is é an Coimisinéir um Fhaisnéis Comhshaoil é freisin, agus is comhalta é den Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí agus den Choimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí.

Bhunaigh agus stiúir Ger comhlachtaí poiblí éagsúla agus tá taithí shuntasach aige ar chearta tomhaltóirí agus fostaíochta. Roimhe seo bhí poist aige mar an tOmbudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean, Stiúrthóir an Údaráis Náisiúnta um Chearta Fostaíochta (NERA), Stiúrthóir an Chláir Athchóirithe ar Chaidreamh san Áit Oibre agus an Rialtóir Tacsaithe. Tá taithí fhairsing aige freisin ar oibriú ar fud an rialtais áitiúil, forbairt pobail, na státseirbhíse agus na hearnála príobháidí.

### An tOllamh Caroline Fennell

Is Ollamh Emerita le Dlí í Caroline Fennell i gColáiste na hOllscoile Corcaigh. Iar-Choimisinéir í ar Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (IHREC), agus bhí sí ina Cathaoirleach ar Líonra Eorpach na nInstitiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine (ENNHRI) (2020–2022). Bhí an tOllamh Fennell ina Cathaoirleach freisin ar an gCoiste Frithchiníochais Neamhspleách (2020–2022) a chuir an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta i gcoinne an Chiníochais i dtoll a chéile.

Iar-Chathaoirleach í ar an gComhairle um Thaighde sna Dána agus sna hEolaíochtaí Sóisialta in Éirinn (IRCHSS), agus comhalta den Chomhairle um Thaighde in Éirinn, agus comhalta d'Acadamh Ríoga na hÉireann.

Bhí go leor róil ardbhainistíochta ag an Ollamh Fennell san Ollscoil, ina measc Déan, Ceann Coláiste agus Leas-Uachtarán Sinsearach Acadúil/Uachtarán Tánaisteach. Bhí sí ar dhuine de bhunaitheoirí an Ionaid um Cheartas Coiriúil agus Cearta an Duine i gColáiste na hOllscoile Corcaigh (UCC), agus díríonn a cuid taighde ar thuiscintí ar chothroime sa cheartas coiriúil, agus d'fhoilsigh sí go leor leabhar agus ailt irise ar réimsí dhlí na fianaise, inscne, ceartais choiriúil agus sceimhlitheoireachta. Ceapadh í ina Cathaoirleach ar Cuan (an Ghníomhaireacht um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe) in 2024.

### Peter Finnegan

Is é Peter Finnegan Cléireach na Dála agus Ard-Rúnaí Sheirbhís Thithe an Oireachtais. Is comhalta é freisin de Choimisiún Thithe an Oireachtais agus den Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí.

### Maura Quinn

Stiúrthóir Cairte ag a bhfuil creidiúnú Institiúid na Stiúrthóirí sa Ríocht Aontaithe, agus taithí fhairsing os cionn 25 bliain mar phríomhoifigeach feidhmiúcháin agus ar bhoird i raon earnálacha. Tá taithí ag Maura mar Chomhalta Boird agus Comhalta Coiste Boird, agus tá taithí shuntasach rialála aici. Aithnítear í as a ról ceannaireachta i ngnóthaí rialachais chorparáidigh agus rialála. Iar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Institiúid na Stiúrthóirí in Éirinn (Meitheamh 2022).

## Cruinnithe Coimisiúin agus Freastal in 2023

Taispeántar sa tábla anseo thíos líon na gcruinnithe a reáchtáil an Coimisiún agus freastal ar na cruinnithe sin in 2023.

| Eanáir – Nollaig 2023 | |
|---|---|
| Comhaltaí | Cruinnithe |
| An Breitheamh Marie Baker (An Cathaoirleach) | 19/20 |
| Alex Attwood | 20/20 |
| John Curran | 20/20 |
| Ger Deering | 20/20 |
| An tOllamh Caroline Fennell | 19/20 |
| Peter Finnegan | 18/20 |
| Maura Quinn | 20/20 |

# 4 Oibríochtaí Toghcháin agus Oideachas




## Reifrinn

**Tá an t-aonad seo freagrach as eolas neamhchlaonta a ullmhú faoi thograí reifrinn agus an t-eolas sin a chur ar fáil don phobal.**

Ullmhaímid ráitis neamhchlaonta ina bhfuil míniú ginearálta ar ábhar an togra don reifreann ábhartha, agus roinnimid na ráitis sin trí leabhrán eolais, fógraí ar an teilifís, an raidió, na nuachtáin, na meáin shóisialta agus cineálacha eile meán chun iad a chur ar shúile an phobail. Táimid tiomanta do chinntiú go mbíonn an t-eolas ar fad a chuirimid ar fáil inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas.

Dáilimid an ráiteas ar gach teaghlach sa tír freisin i bhfoirm leabhráin.

## Athbhreithniú Toghlach 2023

**Déantar athbhreithniú ar leagan amach agus ar theorainneacha na nDáilcheantar i ndiaidh gach daonáirimh. Foráiltear inár mBunreacht gur cheart go mbeadh Teachta Dála amháin, ar an meán, ag déanamh ionadaíocht ar 20,000–30,000 duine.**

Tháinig an Coimisiún le chéile 13 huaire idir Feabhra agus Iúil 2023 chun Athbhreithniú Toghlach 2023 a chur i gcrích.

Tá critéir bhreise inár dlíthe toghcháin le haghaidh Athbhreithnithe Toghlach:

- beidh 3, 4 nó 5 chomhalta i ngach dáilcheantar;
- seachnófar teorainneacha contae a thrasnú más féidir;
- caithfidh gur ceantair atá taobh lena chéile a bheidh i ngach Dáilcheantar;
- caithfear gnéithe suntasacha tíreolaíocha, dlúis daonra agus fisiciúla a chur san áireamh;
- agus, ar deireadh, nuair atá an obair sin ar bun ba cheart don Choimisiún Toghcháin iarracht a dhéanamh leanúnachas a choinneáil sna toghcheantair a mhéad agus is féidir.

Molann an Coimisiún go mbeadh 174 Teachta Dála sa chéad Dáil eile, agus iad i mbun ionadaíochta ar 43 Dáilcheantar. Méadú é sin ón

160 Teachta Dála i 39 Dáilcheantar atá againn faoi láthair.

## Maoirseacht ar Chlár na dToghthóirí

**Tá ról maoirseachta ag an gCoimisiún Toghcháin i dtaobh Chlár na dToghthóirí. Cé go ndéanann na húdaráis áitiúla Cláir na dToghthóirí a bhainistiú agus a chothabháil, féadfaidh an Coimisiún taighde a choimisiúnú nó a dhéanamh i dtaobh:**

- cruinneas agus iomláine chláir na dtoghthóirí;
- cothabháil chláir na dtoghthóirí;
- na próisis a bhaineann le tiomsú, cothabháil agus feidhmiú chláir na dtoghthóirí.


Foilseoidh agus leagfaidh an Coimisiún tuarascáil gach bliain faoi bhráid Thithe an Oireachtais ina leagtar amach aon taighde a rine sé agus measúnú an Choimisiúin ar stádas agus feidhmiú chlár na dtoghthóirí, agus aon mholtaí a mheasann an Coimisiún a bheith riachtanach chun sláine chlár na dtoghthóirí agus an phróisis clárúcháin a chothabháil agus a fheabhsú. Thug an Coimisiún cuairt ar naoi n-údarás áitiúla i rith 2023 – Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Cill Mhantáin, Dún Laoghaire/Ráth an Dúin, Cill Dara, Lú, Tiobraid Árann, Dún na nGall, Contae Chorcaí agus Cathair Chorcaí – chun a gcuid oibre ar thionscadal clárúcháin na dtoghthóirí a phlé.

## Oideachas agus Rannpháirtíocht Vótálaithe

**Tá an t-aonad seo freagrach as oideachas agus rannpháirtíocht vótálaithe.** Cuirfear Straitéis Oideachais agus Rannpháirtíochta Vótálaithe i dtoll a chéile le cúnamh ó pháirtithe leasmhara agus comhairliúchán poiblí. Tabharfar aghaidh ansin ar raon leathan earnálacha, ina measc an earnáil oideachais fhoirmiúil, oideachas aosaigh/pobail, grúpaí a mbíonn constaicí sa bhealach ar a rannpháirtíocht i dtoghcháin agus an pobal i gcoitinne. Rannpháirtíocht mhéadaithe leis an gcóras toghcháin a bheidh mar chuspóir foriomlán.

## Clár na bPáirtithe Polaitíochta

**Is é Príomhfheidhmeannach an Choimisiúin Toghcháin Cláraitheoir na bPáirtithe Polaitíochta. Tacaíonn an t-aonad seo le hobair an Chláraitheora.** Mar chuid de sin, glactar agus athbhreithnítear iarratais ar chlárúcháin le haghaidh páirtithe polaitíochta, agus déantar clár reatha na bpáirtithe polaitíochta a chothabháil agus a leasú de réir mar is cuí. Chuir ceithre pháirtí polaitíochta iarratais isteach i rith 2023, agus faomhadh iad chun dul ar chlár na bpáirtithe polaitíochta.



# 5 Sláine Toghcháin agus Taighde

## Céim an Bhunaithe


**Bhí dhá phríomhréimse fócais ag an Aonad Sláine Toghcháin agus Taighde i mbliain seo ár mbunaithe: dul chun cinn luath a dhéanamh ar shainordú taighde an Choimisiúin agus tabhairt faoi acmhainneacht agus cumas a fhorbairt mar chuid den ullmhúchán le haghaidh thosach feidhme Chuid 4 agus Chuid 5 den *Acht um Athchóiriú Toghcháin 2022*.**

Chuir an tAonad tús le feidhm taighde an Choimisiúin a chur ar fáil trí dhréacht de Chlár Taighde an Choimisiúin a ullmhú agus a fhoilsiú le haghaidh comhairliúchán poiblí i mí na Samhna 2023. Thug an Coimisiún tiomantas sa Dréachtchlár sin do dhul chun cinn a dhéanamh láithreach ar Staidéar Náisiúnta Toghcháin agus Daonlathais (NEDS) a fhorbairt le haghaidh na hÉireann agus Grúpa Comhairleach Taighde a bhunú. Rinneadh dul chun cinn ar an dá thosaíocht sin in 2023 trí Bhord Bainistíochta NEDS a bhunú agus tús a chur leis an bpróiseas roghnúcháin le haghaidh saineolaithe acadúla a ghlacfaidh páirt sa Ghrúpa Comhairleach Taighde.

Cuireadh tús freisin le hobair ar ullmhúcháin chun tabhairt faoi athbhreithnithe i ndiaidh imeachtaí toghcháin, taighde a dhéanamh ar shamhlacha féideartha agus ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta ina measc.

Maidir le Cuid 4 agus Cuid 5 den *Acht um Athchóiriú Toghcháin 2022*, bhí an tAonad ag plé go forleathan le coimisiúin toghcháin eile agus comhlachtaí bainistíochta toghcháin, saineolaithe ábhartha agus comhlachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta, ina measc trí pháirt a ghlacadh sa Líonra Comhair Eorpach um Thoghcháin, freastal ar chomhdhálacha idirnáisiúnta agus páirt a ghlacadh in oiliúint, go háirithe an Cheardlann le haghaidh Cleachtóirí Frithbhréagaisnéise san Ionad Barr Feabhais Hibride i Heilsincí.





Is iad réimsí sonracha freagrachtaí an Aonaid Sláine Toghcháin agus Taighde:

## Cothroime agus sláine toghchán agus reifreann a chosaint

- monatóireacht a dhéanamh ar scaipeadh bréagaisnéise agus mífhaisnéise, é a iniúchadh agus a chomhrac;
- monatóireacht a dhéanamh ar iompraíocht ionramhálach nó bhréagach, í a iniúchadh, a shainaithint agus a chomhrac;
- monatóireacht a dhéanamh ar threochtaí i leith bréagaisnéise, mífhaisnéise agus iompraíocht ionramhálach nó bhréagach, iad a iniúchadh agus a shainaithint.

Níor cuireadh tús fós leis an gcuid sin den *Acht um Athchóiriú Toghcháin 2022* (Cuid 5).

## Rialáil Fógraíochta Ar Líne i rith Tréimhsí Toghcháin

Freagrach as a chinntiú go mbíonn fógraíocht pholaitiúil ar na meáin shóisialta agus ar ardáin dhigiteacha eile go hiomlán trédhearcach agus gur féidir í a shainaithint go soiléir. Níor cuireadh tús fós leis an gcuid sin den *Acht um Athchóiriú Toghcháin 2022* (Cuid 4).

## Athbhreithnithe i ndiaidh Imeacht Toghcháin

I ndiaidh gach imeachta toghcháin, tuarascáil ar riarachán an imeachta toghcháin a ullmhú agus a fhoilsiú.

## Comhairle

Nuair a iarrann an tAire é, comhairle agus moltaí a chur faoi bhráid an Rialtais nó an Aire, i dtaobh aon tograí le haghaidh athrú reachtach, nó aon ábhar beartais eile a bhaineann le beartas nó nósanna imeachta toghcháin.

## Dréachtchlár Taighde

Tugtar sainordú don Choimisiún san *Acht um Athchóiriú Toghcháin 2022,* chun taighde a choimisiúnú nó a dhéanamh ar bheartas agus nósanna imeachta toghcháin, ceisteanna a bhaineann le comhlíonadh a fheidhmeanna ina measc agus, ag eascairt as an taighde sin, féadfaidh sé moltaí a dhéanamh don Aire agus don Rialtas de réir mar is cuí leis. Foráiltear leis go ndéanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

- cláir a ullmhú gach bliain ina sonrófar na hábhair a mbeartaíonn sé taighde a dhéanamh orthu... agus cuspóirí an taighde sin; an chaoi a ndéanfar an taighde sin; agus costas measta an taighde sin.
- dul i gcomhairle leis an gComhchoiste Oireachtais, leis an Aire agus le haon duine eile, de réir mar is cuí leis an gCoimisiún agus a chláir taighde á n-ullmhú aige;
- a eagrú go gcuirfear na cláir thaighde sin faoi bhráid Thithe an Oireachtais; agus
- nuashonrú a dhéanamh ar a chlár taighde laistigh de shé mhí ó cuireadh faoi bhráid na dTithe é agus tuairisc a thabhairt ar a thaighde ina Thuarascáil Bhliantúil.

D'ullmhaigh an Coimisiún a chéad dréachtchlár taighde in 2023 agus d'iarr sé tuairimí an Oireachtais, an phobail agus páirtithe leasmhara eile ar a thosaíochtaí taighde. Eagraítear iad sin bunaithe ar shnáitheanna téamacha a léiríonn feidhmeanna an Choimisiúin faoin *Acht um Athchóiriú Toghcháin 2022*. D'oscail an comhairliúchán ar an 10 Samhain 2023 agus ba é an 12 Eanáir 2024 spriocdháta na n-aighneachtaí.

# 6 Rialachas

## *An tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014*

Le hAlt 8 den *Acht um Shaoráil Faisnéise 2014* ceanglaítear ar an gCoimisiún Toghcháin a oiread faisnéise agus is féidir a ullmhú agus a fhoilsiú ar bhealach oscailte agus inrochtana mar ghnáthnós taobh amuigh de shaoráil faisnéise, ag féachaint do phrionsabail na hoscailteachta, na trédhearcachta agus na cuntasachta.

## Tugtar breac-chuntas thíos ar Chinntí Saorála Faisnéise agus ar Chineálacha Iarratas:

| **Cinntí Saorála Faisnéise 2023** | |
|---|---|
| Deonaithe | 1 |
| Diúltaithe | 4 |
| Tarraingthe siar | 1 |
| **Iomlán** | **6** |
| **Cineálacha Iarratas** | |
| Iriseoir | 3 |
| Duine den Phobal | 2 |
| An tOireachtas | 1 |

## Nochtaí Cosanta

Mar chomhlacht poiblí, éilítear ar an gCoimisiún faoi alt 22 den *Acht um Nochtadh Cosanta 2014* tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú maidir le líon na n-imeachtaí nochta chosanta a rinneadh leis an bhliain roimhe sin, agus an gníomh a rinneadh mar fhreagra ar aon nochtadh cosanta dá leithéid. Ní dhearnadh aon nochtadh cosanta leis an gCoimisiún ó bunaíodh muid ar an 9 Feabhra 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023.

## Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021

Tá An Coimisiún Toghcháin meáite ar a oibleagáidí faoi *Achtanna na dTeangacha Oifigiúla (2003 agus 2021)* a chomhlíonadh. Ceapadh duine d'Fhoireann Ardbhainistíochta An Choimisiúin chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus chun tuairisciú ar ár n-oibleagáidí faoin Acht agus chun a chinntiú go bhfreagraíonn An Coimisiún gach cumarsáid i scríbhinn sa teanga oifigiúil inar scríobhadh í agus go n-eisítear na príomhfhoilseacháin ar fad i nGaeilge agus i mBéarla ag an am céanna.

Tá an Ghaeilge ina gné lárnach de chumarsáid An Choimisiúin. Chuir An Coimisiún aistriúchán Gaeilge ar fáil i rith na bliana ar ábhar eolais, an suíomh gréasáin agus foilseacháin. Cuireadh urlabhraí Gaeilge ar fáil i gcaitheamh na bliana a thug faoi agallaimh éagsúla ar an teilifís agus raidió i nGaeilge.

## An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Bhunaigh an Coimisiún Toghcháin an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca chun dearbhú neamhspleách a sholáthar ar leordhóthanacht agus éifeachtacht na socruithe rialachais, ina measc tuairisciú airgeadais, rialuithe inmheánacha, bainistíocht riosca agus luach ar airgead. Reáchtáladh dhá chruinniú den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca in 2023.

## Forléargas ar úsáid fuinnimh

I gcomhar le hIonstraim Reachtúil 426 de 2014, éilítear ar gach comhlacht san earnáil phoiblí tuairisc bhliantúil a thabhairt ar an bhfuinneamh a úsáideann sé agus ar aon ghníomh a rinneadh chun a ídiú fuinnimh a laghdú. Chuir Oifig na nOibreacha Poiblí cóiríocht shealadach ar fáil don Choimisiún in 2023.

## *An tAcht um Míchumas 2005*

Faoi Chuid 5 den *Acht um Míchumas 2005*, éilítear ar chomhlachtaí na hearnála poiblí tuairisc a dhéanamh ar líon na ndaoine faoi mhíchumas atá fostaithe leo. Tugadh faoi Dhaonáireamh Foirne féintuairiscithe sa chéad ráithe de 2024 le haghaidh na bliana féilire 2023; léirigh torthaí an Daonáirimh Foirne sin gur thuairiscigh 20% d'fhostaithe an Choimisiúin míchumas ag úsáid

an tsainmhínithe ar chumas mar a shainmhínítear san *Acht um Míchumas 2005*.

## Oibríochtaí Acmhainní Daonna

I mí na Samhna 2022, sheol an Coimisiún a chéad chéim earcaíochta agus sna chéad chúig mhí de 2023, thosaigh 20 ball foirne sa Choimisiún. Sa chéad chéim earcaíochta, fostaíodh Príomh-Oifigigh chun réimsí tábhachtacha a stiúradh: Oibríochtaí Toghcháin agus Oideachas, Sláine Toghcháin agus Taighde agus Seirbhísí Corparáideacha. Ceapadh Príomh-Oifigigh Cúnta, Ardoifigigh Feidhmiúcháin, Oifigigh Riaracháin agus Intéirnigh Taighde ar fhoirne sonracha sa Choimisiún nuabhunaithe freisin.

Rinne an Coimisiún iarratas leis an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí le haghaidh a cheadúnais earcaíochta féin, agus bronnadh é sin air in 2023.

Tá an Coimisiún ag leanúint le húsáid a bhaint as na seirbhís Acmhainní Daonna agus Párolla san Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (NSSO) tríd an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.  Táimid ag obair le NSSO chun teacht ar bord in 2025.

## Foghlaim agus Forbairt

Tá an Coimisiún tiomanta do chultúr foghlama leanúnaí a chur chun cinn i measc na foirne.  In 2023, ghlac 30% den fhoireann páirt i bhfoghlaim acadúil trí Fhoras Bainistíochta na hÉireann agus Coláiste na hOllscoile Corcaigh, an Foras Riaracháin agus an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus Óstaí an Rí. Ghlac an fhoireann páirt i bhForbairt Ghairmiúil Leanúnach trí fhreastal ar chúrsaí oiliúna, seimineáir agus comhdhálacha a bhain lena ról go sonrach chun a réimse scileanna a fheabhsú agus a líonraí náisiúnta agus idirnáisiúnta a leathnú.

I ndiaidh tosú leis an gCoimisiún in 2023, chuir an fhoireann foghlaim ar líne i gcrích i réimsí éagsúla, ina measc Dínit san Ionad Oibre, Sláinte, Sábháilteacht agus Leas ag an Obair, gnóthaí Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais, Cibearshlándáil agus Sábháilteacht Eirgeanamaíochta. Chuir an fhoireann oiliúint i gcrích freisin i réimsí tábhachtacha ar nós Saoráil Faisnéise, Maor Dóiteáin agus Soláthar don Earnáil Phoiblí. Chuir roinnt comhghleacaithe oiliúint feasachta Míchumais i gcrích freisin. Caitheadh beagnach 100 lá ar Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach in 2023, ina measc oiliúint, comhdhálacha agus foghlaim acadúil ar fud na heagraíochta.

## Sláinte agus Folláine

Tá an Coimisiún tiomanta d'ionad oibre ionchuimsitheach agus sábháilte a chruthú agus leanúint le cultúr cúraim agus pobail a fhorbairt do chomhghleacaithe. Ceiliúraimid éachtaí, spreagaimid rannpháirtíocht, spreagaimid imeachtaí neartaithe foirne agus folláine a chuimsiú sna próisis forbartha feidhmíochta (PMDS) ar fad. Tá an Coimisiún fós ag obair leis an tSeirbhís Chúnaimh d'Fhostaithe na Státseirbhíse (CSEAS) agus ghlac an fhoireann páirt i lá Folláine Geimhridh in 2023. Spreagamar rannpháirtíocht i dtionscnaimh folláine go gníomhach tríd an ardán One Learning agus imeachtaí sóisialta agus chuir an Ardbhainistíocht na himeachtaí sin chun cinn freisin. D'eagraíomar turais foirne ag a raibh téamaí stairiúla, chomh maith le himeachtaí 'caife agus comhrá' chun comóradh a dhéanamh ar an Lá Domhanda Meabhairshláinte agus Seachtain na Gaeilge agus leanfar leis sin in 2024.

# 7 Na Ráitis Airgeadais: Dréacht-Chuntas Leithreasa 2023 – Vóta 23

## An Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta don Choimisiún Toghcháin, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa do Vóta 23 a ullmhú, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais sin, tá an cuntas ceangailte leis seo ullmhaithe agam maidir leis an méid a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 ar thuarastail agus ar speansais an Choimisiúin Toghcháin.

Déantar an toradh caiteachais a chur i gcomparáid leis na suimeanna ceadaithe ag Dáil Éireann faoin *Acht Leithreasa 2023*, an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar chaiteachas na bliana san áireamh.

Dlitear barrachas €2.678 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas é an ráiteas faoi bheartais agus prionsabail chuntasaíochta agus nótaí 1 go 5.

### Bunú an Vóta

Bunaíodh Vóta 23 le haghaidh an Choimisiúin Toghcháin ar an 1 Márta 2023.

## An ráiteas ar bheartais agus prionsabail chuntasaíochta

Cuireadh na gnáthbheartais agus prionsabail chuntasaíochta a bhaineann le cuntais leithreasa a chur i dtoll a chéile i bhfeidhm, mar a leagtar amach i gciorclán 22 de 2023 ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe nuair a bhí an cuntas á ullmhú.

Mar chuid den aistriú chuig tuairisciú ar bhonn fabhraithe níos leithne bunaithe ar Chaighdeáin idirnáisiúnta, sainaithníodh Sócmhainní doláimhsithe a léiríonn fáil agus forbairt bogearraí mar dhá mhír ar leith den chéad uair. Dá réir, scaradh sócmhainní caipitil ina dhá chomhpháirt ar aghaidh an ráitis ar staid an airgeadais agus sna nótaí lena mbaineann, Sócmhainní doláimhsithe agus Réadmhaoin, innealra agus trealamh.

## An ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

### Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go mbíonn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á fheidhmiú ag an Údarás.

Rinneadh an fhreagracht sin a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas eile mar Phríomhfheidhmeannach. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go gcumhdaítear sócmhainní, go n-údaraítear agus go dtaifeadtar idirbhearta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas um rialú inmheánach airgeadais a fhorbairt agus a choimeád agus bíonn an córas agus a éifeachtacht faoi shíor-athbhreithniú.

Is é seo a leanas an seasamh i ndáil leis an timpeallacht um rialú airgeadais, le creat na nósanna imeachta riaracháin, le tuairisciú bainistíochta agus le hiniúchóireacht inmheánach.

### Seirbhísí comhroinnte

Braithim ar litir dhearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta le haghaidh na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte a thugtar don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta go bhfuil rialuithe cuí i bhfeidhm maidir le seirbhísí comhroinnte a sholáthar d'fhoireann na hOifige seo. Cuireann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte seirbhísí ar fáil d'fhoireann an Choimisiúin Toghcháin faoi láthair mar chuid de na seirbhísí a chuirtear ar fáil don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

### Timpeallacht rialaithe airgeadais

Bhí timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a raibh na gnéithe seo a leanas mar chuid di;

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht as bainistiú airgeadais.
- Bunaíodh gnáthaimh fhoirmiúla do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí.
- Bunaíodh Coiste Iniúchóireachta agus Riosca i mí Dheireadh Fómhair 2023, chun comhairle a chur orm faoi mo fhreagrachtaí a chomhlíonadh maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tuairiscíodh na nósanna imeachta le haghaidh na bpríomhphróiseas gnó ar fad.
- Bhí córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

### Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Bhí creatlach nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas;

- bhí córas buiséadaithe iomchuí le buiséad bliantúil ann a mbíodh an fhoireann ardbhainistíochta á athbhreithniú
- rinne an fhoireann ardbhainistíochta athbhreithniú rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- bhí córas bainistíochta rioscaí taobh istigh den Údarás
- bhí córais ann a bhí dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- bhí treoirlínte cuí ann faoi rialú infheistíochta chaipitil agus disciplíní foirmiúla bainistithe tionscadail.

### Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Bunaíodh an Coimisiún Toghcháin ar an 9 Feabhra 2023 agus bunaíodh an Vóta ar an 1 Márta 2023. Bunaíodh Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus tháinig siad le chéile faoi dhó in 2023. Comhaontaíodh téarmaí tagartha an Choiste agus cuireadh próiseas i bhfeidhm chun feidhm iniúchóireachta inmheánaí a cheapadh. Cuireadh tús leis an bpróiseas sin go luath in 2024. Nuair a bheidh an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí i bhfeidhm, ullmhóidh sí plean iniúchóireachta a ndéanfaidh mise agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú air. Cuirfear nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfiosraítear tuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

### Soláthar

Cinntíonn an Coimisiún go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtas soláthair i mbronnadh na gconarthaí ar fad agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcloítear leis na treoirlínte ábhartha ar fad. Bhí suim €0.578 milliún san iomlán i gceist leis an gcaiteachas ar earraí agus seirbhísí, costas na foirne a fuarthas ar conradh ina measc, in 2023. Ní raibh aon chonradh neamhiomaíoch os cionn €25,000 i gceist.

### Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta rioscaí curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún lena sainaithnítear agus lena dtuairiscítear rioscaí buntábhachtacha agus na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt orthu agus, oiread agus is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí a d'fhéadfadh a bheith le sárú ag an oifig seo agus sonraíodh, measadh agus grádaíodh iad sin de réir a shuntasaí is bhíonn siad. Déanann an Fhoireann Bainistíochta

athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár gach ráithe. Úsáidtear torthaí na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go mbainistítear rioscaí go leibhéal inghlactha.

Tugtar mionsonraí sa chlár rioscaí faoi na rialuithe agus gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus faoi na comhaltaí foirne sonracha atá freagrach as na rialuithe a oibriú.

### Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla á mbunú le haghaidh phróisis na monatóireachta ar rialuithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd a bhíonn freagrach as gníomhartha ceartúcháin a dhéanamh agus don Fhoireann Bainistíochta agus don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, i gcás gurb ábhartha, go tráthúil. Dearbhaím gur sainaithníodh na príomhrioscaí agus na rialuithe lena mbaineann agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnamh a sainaithníodh a thuairisciú.

### Athbhreithniú ar éifeachtacht

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistiú agus rialú rioscaí. Cuireann an lucht ardbhainistíochta taobh istigh den Choimisiún atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata um rialú inmheánach airgeadais bonn eolais faoi mhonatóireacht agus athbhreithniú an Choimisiúin ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais, agus cuirfidh obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha bonn eolais faoi ó 2024 ar aghaidh.

### Ceisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach airgeadais in 2023 a raibh caillteanas ábhartha mar thoradh orthu, nó a bhféadfadh go mbeadh caillteanas ábhartha mar thoradh orthu.

**Art Ó Laoghaire**
An tOifigeach Cuntasaíochta
An Coimisiún Toghcháin

27 Márta 2024

# Vóta 23 An Coimisiún Toghcháin

## Cuntas Leithreasa 2023

| | | | 2023 |
|---|---|---|---|
| | **Soláthar sna meastacháin** | | **Toradh** |
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas an chláir** | | | |
| A An Coimisiún Toghcháin | | | |
| *Soláthar sna meastacháin* | | 5,734 | 3,059 |
| **Ollchaiteachas** | | **5,734** | **3,059** |
| Asbhaint | | | |
| B **Leithreasaí i gcabhair** | | **53** | **56** |
| *Soláthar sna meastacháin* | | **5,681** | **3,003** |
| **Glanchaiteachas** | | **5,681** | **3,003** |

### Barrachas

Tá barrachas an mhéid a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas le géilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den *Acht Airgeadais 2004*, is féidir iomlán nó cuid de leithreasaí neamhchaite do sheirbhísí caipitil a thabhairt anonn lena chaitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin.

| | 2023 |
|---|---|
| | **€** |
| Barrachas | 2,678,000 |
| **Barrachas le géilleadh** | **2,678,000** |

**Art Ó Laoghaire**
An tOifigeach Cuntasaíochta
An Coimisiún Toghcháin

27 Márta 2024

## Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

### Nóta 1 An Ráiteas ar Chostas Oibríochta 2023

| | | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | | 1,363 |
| Neamhphá | | 1,696 |
| **Ollchaiteachas** | | **3,059** |
| Asbhaint | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | **(56)** |
| **Glanchaiteachas** | | **3,003** |
| | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | |
| **Athruithe ar réadmhaoin, gléasra agus trealamh** | | |
| Ceannacháin (nóta 2.1) | (203) | |
| Dímheas (nóta 2.1) | 30 | |
| | | (173) |
| **Athruithe ar shócmhainní doláimhsithe** | | |
| Ceannacháin – airgead tirim | (10) | |
| Dímheas | 2 | |
| | | (8) |
| **Athruithe iomlána ar shócmhainní caipitil** | | |
| | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | |
| (Méadú)/laghdú ar réamhíocaíochtaí | (9) | |
| Méadú/(laghdú) ar speansais fhabhraithe | 42 | |
| | | 33 |
| **Caiteachas díreach** | | **2,855** |
| | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara (nóta 1.1) | | 116 |
| **Glanchostas cláir** | | **2,971** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara

Tá méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí comhghaolmhara comhdhéanta as na méideanna seo leanas maidir le Vóta 23 a íocadh as cistí eile.

| | | 2023 |
|---|---|---|
| | | €000 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 116 |
| | | **116** |

## Nóta 2 An Ráiteas ar Staid an Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2023

| | Nóta | 2023 |
|---|---|---|
| | | €000 |
| **Réadmhaoin, gléasra agus trealamh** | 2.1 | 173 |
| **Sócmhainní doláimhsithe** | 2.2 | 8 |
| **Sócmhainní reatha** | | |
| Réamhíocaíochtaí | 2.5 | 9 |
| Iarmhéid dochair eile | 2.6 | 13 |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | **22** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | |
| Speansais fhabhraithe | 2.7 | 42 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.8 | 4 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.9 | 9 |
| **Iomlán dliteanas reatha** | | **55** |
| **Glansócmhainní reatha** | | (33) |
| **Glansócmhainní** | | **148** |
| **Léirithe ag:** | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.10 | **148** |

### 2.1 Réadmhaoin, gléasra agus trealamh [a]

| | Fearas oifige agus TF | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Amhail an 1 Eanáir 2023** | | | |
| Breiseanna | | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | - | - | **-** |
| Dímheas carnach | 98 | 105 | **203** |
| **Amhail an 1 Eanáir 2023** | | | |
| Dímheas don bhliain | - | - | **-** |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | 20 | 10 | **30** |
| Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2023 | 20 | 10 | **30** |
| **Net assets at 31 December 2023** | | | |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2022** | 78 | 95 | **173** |

**Nóta(í) eolais ghinearálta**

[a] Leagtar amach in Aguisín A tailte agus foirgnimh ar leis an Stát iad agus a rialaíonn nó a bhainistíonn an Coimisiún Toghcháin agus nach bhfuil luachálacha acu.

## 2.2 Sócmhainní doláimhsithe

| | Ceadúnais bogearraí a fuarthas agus bogearraí a forbraíodh | Iomlán |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Costas nó luacháil** | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2023 | | |
| Breiseanna | 10 | 10 |
| **Amhail an 31 Nollaig 2023** | 10 | 10 |
| | | |
| **Amúchadh Carntha** | | |
| Amúchadh don bhliain [a] | 2 | 2 |
| **At 31 December 2023** | 2 | 2 |
| | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2023** | 8 | 8 |

**Note**

[a] Measadh saolréanna ionchais agus na rátaí amúchta lena mbaineann le haghaidh príomhaicmí sócmhainní doláimhsithe mar seo a leanas:

| *Aicme* | *Saolré ionchais* | *Ráta amúchta* |
|---|---|---|
| Ceadúnais bogearraí | Téarma ceadúnais 2–10 mbliana | 50%-10% |
| Bogearraí a fuarthas/ Bogearraí a forbraíodh | 10 mbliana | 10% |

## 2.5 Réamhíocaíochtaí

| amhail an 31 Nollaig | 2023 |
|---|---|
| | €000 |
| Tacaíocht bogearraí | 1 |
| Riarachán | 8 |
| | **9** |

## 2.6 Iarmhéideanna dochair eile

| amhail an 31 Nollaig | 2023 |
|---|---|
| | €000 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 13 |
| | **13** |

## 2.7 Speansais fhabhraithe

| amhail an 31 Nollaig | **2023** |
|---|---|
| | **€000** |
| Speansais riaracháin | 10 |
| TFC agus teileachumarsáid | 18 |
| Dlite in aghaidh seirbhísí | 14 |
| Speansais foirgnimh | |
| | **42** |

## 2.8 Iarmhéideanna sochair eile

| amhail an 31 Nollaig | 2023 |
|---|---|
| | €000 |
| **Méideanna dlite don Stát** | |
| Cáin shiarchoinneálach do sheirbhísí gairmiúla | 4 |
| | 4 |
| | **4** |

## 2.9 Glanmhaoiniú Státchiste

| amhail an 31 Nollaig | **2023** |
|---|---|
| | **€000** |
| Barrachas le géilleadh | 2,678 |
| Deontas ón Státchiste neamhtharraingthe | 2,669 |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | **9** |
| **Léirithe ag:** | |
| **Féichiúnaithe** | |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 13 |
| | 13 |
| **Creidiúnaithe** | |
| Dlite don Stát | (4) |
| | (4) |
| | **9** |

## 2.10 Cuntas maoinithe stáit

| | Nóta | | 2023 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | | |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | |
| Soláthar sna meastacháin | Cuntas | 5,681 | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | 2,678 | |
| Glanvóta | | | 3,003 |
| | | | |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 116 |
| Glanchostas cláir | 1 | | (2,971) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | | **148** |

## 2.11 Ceangaltais

| **Ceangaltais dhomhanda** | **2023** |
|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** |
| | |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | **1,934** |

# Nóta 3 Caiteachas an Vóta

## Anailís ar an gcaiteachas riaracháin

| | | | 2023 |
|---|---|---|---|
| | | **Soláthar sna meastacháin** | **Toradh** |
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| i. Tuarastail, pánna agus liúntais | | 2,109 | 1,326 |
| ii. Taisteal agus cothabháil | | 90 | 25 |
| iii. Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | | 310 | 140 |
| iv. Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | 65 | 7 |
| v. Taighde, Oideachas agus Rannpháirtíocht an Phobail | | 800 | 253 |
| vi. Speansais áitreabh oifige | | 630 | 239 |
| vi. Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | | 675 | 80 |
| vii. Sainchomhairleoireacht agus seirbhísí eile | | 890 | 44 |
| viii. Feidhm Reifreann | | 10 | 902 |
| | | 5,579 | **3,016** |

**Athrúcháin shuntasacha**
Tugtar breac-chuntas thíos ar na cúiseanna le hathruithe suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

**i. Tuarastail, pánna agus liúntais**
*Soláthar sna meastacháin: €2.109 milliún; toradh: €1.326 milliún*

Bunaíodh an Coimisiún Toghcháin ar an 9 Feabhra 2023. Cuireadh tús le hacmhainneacht agus cumas a fhorbairt i ndiaidh a bhunaithe agus tar éis tús a chur le hearcú foirne. D'fhoráil an meastachán bunaidh le haghaidh thart ar 31 coibhéis lánaimseartha, bhí fiche coibhéis lánaimseartha ar phárolla an Choimisiúin ar an 31 Nollaig 2023.  Bhí dátaí tosaithe sceidealaithe ag cúigear eile le haghaidh mhí Eanáir agus bhí feachtais earcaíochta eile ar bun.

**iii. Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha**
*Soláthar sna meastacháin: €0.310 milliún; toradh: €0.140 milliún*

De bharr gur bunaíodh an Coimisiún i rith na bliana, agus mar gheall ar na feachtais earcaíochta ina dhiaidh sin, níor tharla bliain iomlán Oiliúna agus Forbartha. Meastar go n-athróidh sé sin in 2024 agus ina dhiaidh sin.

**v. Taighde, Oideachas agus Rannpháirtíocht an Phobail**
Soláthar sna meastacháin: €0.800 milliún; toradh: €0.253 milliún

Foilsíodh an dréachtchlár taighde i mí na Samhna 2023, cuireadh tús le hobair ar chlár Rannpháirtíochta an Phobail agus ar an gclár Oideachais i dtreo dheireadh 2023.

**vi. Speansais áitreabh oifige**
*Soláthar sna meastacháin: €0.630 milliún; toradh: €0.239 milliún*

D'eagraigh Oifig na nOibreacha Poiblí áitreabh oifige don Choimisiún a cuireadh ar fáil an 22 Nollaig 2023, dá bhrí sin ní raibh aon chostas oibríochta leanúnach ar nós fóntas ag an gCoimisiún in 2023. D'fhoráil an caiteachas a tabhaíodh in 2023 le haghaidh costais feistithe na cóiríochta.

**vi. Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF**
*Soláthar sna meastacháin: €0.675 milliún; toradh: €0.080 milliún*

Níor tháinig costais trealaimh agus bonneagair TFC chun cinn in 2023 toisc nach raibh an t-áitreabh ar fáil go dtí deireadh mhí na Nollag 2023.

**vii. Sainchomhairleoireacht agus seirbhísí eile**
*Soláthar sna meastacháin: €0.890 milliún; toradh: €0.044 milliún*

D'fhoráil an meastachán le haghaidh costais dlí i dtaobh timpeallacht rialála. Níor cuireadh tús leis na codanna sin den *Acht um Athchóiriú Toghcháin 2022* agus níor tháinig na costais dlí sin chun cinn.

**viii. Feidhm Reifreann**
*Soláthar sna meastacháin: €0.010 milliún; toradh: €0.902 milliún*

Leithdháileadh an soláthar sna meastacháin seo chun leithdháileadh buiséid a éascú de réir mar ba ghá. Fógraíodh reifrinn i mí an Mhárta 2023 a bhí le reáchtáil i bhfómhar 2023 ar dtús, dá bhrí sin cuireadh tús le hobair ar fheachtas faisnéise in 2023.

## Clár A - An Coimisiún Toghcháin

| | | 2023 |
|---|---|---|
| | **Soláthar sna meastacháin** | **Toradh** |
| | **€000** | **€000** |
| A.1 Riarachán – pá | 2,109 | 1,326 |
| A.2 Riarachán – neamhphá | 3,470 | 1,690 |
| A.3 An Coimisiún Toghcháin – pá | 155 | **37** |
| | **5,734** | **3,053** |

**Athrúchán suntasach**

**A.3 An Coimisiún Toghcháin – Pá**

*Soláthar sna meastacháin €0.155 milliún; Toradh: €0.037 milliún*

Tharla easnamh sa chaiteachas le hais an tsoláthair sna meastacháin toisc, cé go ndearnadh foráil le haghaidh tháillí an Chathaoirligh le haghaidh 2023, nár theastaigh sí go dtí 2024.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí i gcabhair

| | | **2023** |
|---|---|---|
| | **Measta** | **Fíoraithe** |
| | **€000** | **€000** |
| 1. Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí | 53 | 56 |
| **Iomlán** | **53** | **56** |

## Nóta 5 Líon Foirne agus Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhfostaithe

| **Coibhéisí lánaimseartha** | **2023** |
|---|---|
| An Coimisiún Toghcháin | **20** |
| **Iomlán** | **20** |

## 5.2 Pá

| | 2023 |
|---|---:|
| | €000 |
| Pá | 1,224 |
| Liúntais eile | 1 |
| Ragobair | 1 |
| ÁSPC fostóra | 100 |
| **Pá iomlán** | **1,326** |

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon faighteoirí | Faighteoirí ar €10,000 nó níos mó | Íocaíocht aonair is mó |
|---|---:|---:|---:|
| | | | 2023 |
| | | | € |
| Liúntais eile | 1 | - | **887** |
| Ragobair | 4 | - | **812** |

## 5.4 Foireann an Choimisiúin Toghcháin de réir bandaí pá

Tugtar anseo thíos líon fhostaithe an Údaráis a raibh a sochair fostaithe iomlána (lena n-áirítear bunphá, liúntais, ragobair; gan ÁSPC an fhostóra, costais pinsin an fhostóra san áireamh) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999, agus laistigh de gach banda €10,000 ó €60,000 ar aghaidh mar a leanas.

| Bandaí pá (€) | | Líon fostaithe |
|---:|---:|---:|
| **Ó** | **Go** | **2023** |
| 20,000 | 59,999 | 6 |
| 60,000 | 69,999 | 4 |
| 80,000 | 89,999 | 2 |
| 90,000 | 99,000 | 3 |
| 100,000 | 109,999 | 1 |
| 110,000 | 119,999 | 2 |
| 130,000 | 139,999 | 1 |
| 210,000 | 219,999 | 1 |

## 5.5 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Cuntasaíochta

Seo a leanas luach saothair agus sochair inchánach an Oifigigh Cuntasaíochta don bhliain airgeadais.

| | 2023<br>€000 |
|---|---|
| Buntuarastal | **219** |

Ní áirítear thuas luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse. Bhí an tOifigeach Cuntasaíochta ina bhall den scéim aoisliúntais do státseirbhísigh bhunaithe roimh 1995, agus ní dheachaigh na teidlíochtaí le haghaidh sochair scoir níos faide ná téarmaí caighdeánacha na scéime sin.

## Aguisín A – Tailte agus foirgnimh ar leis an Stát iad agus a rialaíonn nó a bhainistíonn an Coimisiún Toghcháin.

Áitríonn an Coimisiún Toghcháin áitreabh in ionad Chaisleán Bhaile Átha Cliath ar leis an Stát é agus a bhainistíonn Oifig na nOibreacha Poiblí.  Is é an seoladh iomlán: Bloc M, Caisleán Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath 2, D02 X8X8.

# 8 Aguisín 1: Táillí, Taisteal agus Cothabháil na gComhaltaí Coimisiúin in 2023

Tugtar breac-chuntas sa tábla seo a leanas ar na Táillí agus na híocaíochtaí Taistil agus Cothabhála a íocadh le gach comhalta Coimisiúin in 2023.

| **Eanáir 2023 – Nollaig 2023** | | |
|---|---|---|
| Comhaltaí | Táillí | Taisteal agus Cothabháil |
| An Breitheamh Marie Baker (An Cathaoirleach) | €0.00* | €0.00 |
| Alex Attwood | €11,970.00 | €3,594.21 |
| John Curran | €11,970.00 | €272.80 |
| Ger Deering | €0.00* | €0.00 |
| An tOllamh Caroline Fennell | €11,970.00 | €570.54 |
| Peter Finnegan | €0.00* | €0.00 |
| Maura Quinn | €11,970.00 | €3,687.06 |

* De réir an phrionsabail ‘Duine Amháin, Tuarastal Amháin’, níl fostaí sa tseirbhís phoiblí atá fostaithe faoi láthair i dteideal luach saothair a fháil i bhfoirm táillí boird, seachas i gcásanna dá bhforáiltear go reachtúil m.sh. Oibrí-Stiúrthóirí. Chuige sin, níor íocadh aon táillí leis an mBreitheamh Marie Baker (an Cathaoirleach), Ger Deering ná Peter Finnegan in 2023.

Arna fhoilsiú ag an gCoimisiún Toghcháin,
Meitheamh 2024
ISBN - 978-1-911722-04-5

An Coimisiún Toghcháin
The Electoral Commission